



Uimhir 29 de 1991

An tAcht um Líne B & I, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 29 de 1991

AN tACHT UM LÍNE B & I, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Mínithe.
2. An tAire Airgeadais do cheannach scaireanna breise i Líne B & I.
3. An tAire Airgeadais d'urscaoileadh dliteanais i leith iasachtaí áirithe arna bhfáil ag an gCuideachta.
4. An tAire Airgeadais do shlánú na Cuideachta in aghaidh dliteanas áirithe.
5. Airgead a sholáthar as an bPríomh-Chiste le haghaidh íocaíochtaí faoin Acht nó dá bhua.
6. Cearta fostaithe.
7. Leasú ar na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988.
8. Aisghairm.
9. Caiteachais.
10. Gearrtheideal.

AN SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Líne B & I, 1988	1988, Uimh. 4
An tAcht um Líne B & I, 1990	1990, Uimh. 4
An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil), 1965	1965, Uimh. 5
An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1971	1971, Uimh. 11
An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1976	1976, Uimh. 12
An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1979	1979, Uimh. 23
An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1982	1982, Uimh. 9
An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1986	1986, Uimh. 22
Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990	1990, Uimh. 18
An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977	1977, Uimh. 6
Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988.	



Uimhir 29 de 1991

AN tACHT UM LÍNE B & I, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DÁ CHUMASÚ DON AIRE AIRGEADAIS SCAIREANNA BREISE A CHEANNACH I LÍNE B & I CUIDEACHTA PHOIBLÍ THEORANTA, d'URSCAOILEADH DLITEANAS NA CUIDEACHTA SIN I LEITH IASACHTAÍ ÁIRITHE ARNA bhFÁIL AICI AGUS DÁ SLÁNÚ IN AGHAIDH DLITEANAS ÁIRITHE EILE AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH NITHE COMHGHAOLMHARA. [20 Nollaig, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 1965” an tAcht um an *British & Irish Steam Packet Company Limited* (Fáil), 1965;

ciallaíonn “Acht 1971” an tAcht um an *British & Irish Steam Packet Company Limited* (Fáil) (Leasú), 1971;

ciallaíonn “an Chuideachta” Líne B & I cuideachta phoiblí theoranta;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Turasóireachta, Iompair agus Cumarsáide.

2.—Leasaítear leis seo alt 2 d’Acht 1971 trí “142,000,000 gnáthscair” a chur in ionad “céad is sé mhilliún gnáthscair” (a cuireadh isteach leis an Acht um Líne B & I, 1990), agus tá an t-alt sin 2, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

An tAire Airgeadais do cheannach scaireanna breise i Líne B & I.

AN TÁBLA

Féadfaidh an tAire Airgeadais 142,000,000 gnáthscair ar a mhéid sa Chuideachta £1 an ceann a cheannach i dteannta na ngnáthscaireanna sa Chuideachta a cheannaigh sé faoin gcomhaontú dár tugadh formheas le halt 2 den Phríomh-Acht.

An tAire Airgeadais d'urscaoileadh dliteanas i leith iasachtaí áirithe arna bhfáil ag an gCuideachta.

3.—(1) Féadfaidh an tAire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, comhaontuithe a dhéanamh le hiasachtóirí an chéanna go n-íocfaidh an tAire Airgeadais leis na hiasachtóirí sin, i cibé airgead (lena n-áirítear airgead in airgead reatha coigríche) agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha maidir leis an modh, an tráth íoca, scaoileadh urrúis (más ann), urscaoileadh dhliteanas na Cuideachta nó eile de réir mar is cuí leis an Aire Airgeadais agus mar a bheidh sonraithe sna comhaontuithe, méideanna i leith phríomhshuim cibé airgid a bheidh faighte ar iasacht agus nach mbeidh aisíoctha ag an gCuideachta, nach mó san iomlán ná £30,000,000, mar aon le méid is comhionann le méid an úis is iníoctha ag an gCuideachta ar an bpríomhshuim sin agus aon suim eile is iníoctha nó a fhéadfaidh a theacht chun bheith iníoctha ag an gCuideachta leis na hiasachtóirí i leith na n-iasachtaí sin.

(2) Má dhéantar comhaontuithe den chineál dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo, féadfaidh an tAire Airgeadais cibé méideanna a shonraítear san fho-alt sin (1) a íoc leis na hiasachtóirí lena mbaineann ar cibé téarmaí agus coinníollacha a bheidh sonraithe sna comhaontuithe sin.

(3) Má dhéanann an tAire Airgeadais comhaontú faoi fho-alt (1) den alt seo nó má dhéanann sé aon íocaíocht faoi fho-alt (2) den alt seo, ní fhorchuirfidh sé sin aon dliteanas ar an gCuideachta i leith an Aire Airgeadais maidir leis an gcomhaontú nó leis an íocaíocht.

(4) Ní mó ná £36,000,000 comhiomlán na méideanna a íocfaidh an tAire Airgeadais i leith príomhshuime faoi fho-alt (2) den alt seo mar aon leis an méid a chaithfidh sé ag ceannach scaireanna breise sa Chuideachta de bhua alt 2 den Acht seo.

(5) D fhoann méid na príomhshuime a fhéadfaidh an tAire Airgeadais a íoc faoi chomhaontuithe faoi fho-alt (1) den alt seo a ríomh, déanfar an choibhéis, in airgead reatha an Stáit, d'aon chuid den phríomhshuim a tugadh ar iasacht in airgead reatha coigríche a ríomh de réir an ráta malairte a bhí i réim, an tráth a rinneadh an comhaontú faoin bhfo-alt sin (1), i ndáil leis an gcuid sin.

(6) (a) Féadfaidh an tAire Airgeadais a threorú do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta na feidhmeanna a thugtar dó le fo-alt (2) den alt seo a chomhlíonadh thar a cheann, agus aon uair a bheidh treoir faoin mír seo i bhfeidhm, beidh feidhm agus éifeacht leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, (seachas míreanna (a) agus (c) d'alt 5(3)) i ndáil leis na feidhmeanna lena mbaineann amhail is dá mbeidís tarmhlíthe chun na Gníomhaireachta sin faoin Acht sin.

(b) Aon uair a bheidh treoir faoi mhír (a) den fho-alt seo i bhfeidhm, féadfaidh an tAire Airgeadais a threorú do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta scor de na feidhmeanna lena mbaineann a chomhlíonadh thar a cheann.

(c) Déanfaidh Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir treorach faoin bhfo-alt seo.

4.—Féadfaidh an tAire Airgeadais, ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis, an Chuideachta a shlánú in aghaidh dliteanas a thabhaigh sí sula ndéanann sé aon scaireanna sa Chuideachta a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile faoi alt 4 d'Acht 1965 nó alt 4 d'Acht 1971.

An tAire Airgeadais do shlánú na Cuideachta in aghaidh dliteanas áirithe.

5.—(1) Airleacfar as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis an t-airgead go léir a theastóidh ón Aire Airgeadais faoi chomhair méideanna is iníoctha aige faoin Acht seo nó dá bhua.

Airgead a sholáthar as an bPríomh-Chiste le haghaidh íocaíochtaí faoin Acht nó dá bhua.

(2) Aon airleacain a dhéanfar as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis chun críocha alt 4 den Acht seo, aisíocfar isteach sa Phríomh-Chiste iad as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

6.—(1) Má dhiúscaíonn an tAire na scaireanna sa Chuideachta atá á sealbhú aige, ansin gach duine a bhí, díreach roimh dháta diúscairthe na scaireanna, ina fhostaí de chuid na Cuideachta, beidh, ar an dáta diúscairthe, na cearta céanna aige (lena n-áirítear sochair faoi scéim pinsin de chuid na Cuideachta) agus beidh sé faoi réir na n-oibleagáidí céanna a bhí aige nó a raibh sé faoina réir díreach roimh an dáta diúscairthe.

Cearta fostaithe.

(2) San alt seo (ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt)—

folaíonn “Cuideachta” aon fhochuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963 (Uimh. 33 de 1963)) den Chuideachta;

ciallaíonn “dáta diúscartha”, i ndáil leis na scaireanna dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo, an lá a ndíolann an tAire na scaireanna nó a ndiúscaíonn sé ar shlí eile iad nó, má dhéantar na scaireanna a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile amhlaidh ar bhreis agus aon lá amháin, an lá is déanaí acu sin;

ciallaíonn “scéim pinsin de chuid na Cuideachta” scéim, comhshocraíocht nó ciste a bunaíodh i dtaca le gnó na Cuideachta chun sochair, eadhon, pinsin, blianachtaí, cnapshuimeanna, aiscí nó íocaíochtaí eile dá samhail, a sholáthar d’fhostaithe na Cuideachta, nó dá gcleithiúnaithe, ar na fostaithe sin do scor nó d’éirí as nó d’fháil bháis (cibé acu roimh scor nó éirí as dóibh nó dá éis sin).

Leasú ar na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988.

7.—(1) D’ainneoin aon fhorála de na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988, ní bheidh feidhm ag na hAchtanna sin maidir leis an gCuideachta agus, dá réir sin, scoirfidh na stiúrthóirí ar an gCuideachta a ceapadh faoi alt 15 den Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977, de bheith i seilbh oifige.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Aisghairm.

8.—(1) Faoi réir fho-alt (2) agus (3) den alt seo, déantar leis seo gach achtachán a shonraítear sa dara colún den Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a aisghairm a mhéid a shonraítear sa tríú colún den Sceideal sin.

(2) D’ainneoin fho-alt (1) den alt seo—

(a) leanfaidh alt 11 d’Acht 1965 de bheith i bhfeidhm maidir le clár comhardaithe, cuntas sochair agus dochair agus tuarascáil stiúrthóirí na Cuideachta don bhliain chuntasaíochta díreach roimh lá thosach feidhme an ailt seo, agus

(b) leanfaidh alt 5(4) d’Acht 1971 de bheith i bhfeidhm maidir leis an ráiteas don bhliain airgeadais dá dtagraítear san alt sin ar lena linn a tharlaíonn tosach feidhme an ailt seo.

(3) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocróidh an tAire le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh maidir le Codanna I agus II den Sceideal a ghabhann leis an Acht seo.

9.—(1) Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riar an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

(2) Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire Airgeadais ag riar an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

10.—Féadfar an tAcht um Líne B & I, 1991, a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal.

Alt 8(1).

AN SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

CUID I

Bliain agus Uimhir	Gearrtheideal	Méid na hAisghairme
1965, Uimh. 5	An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil), 1965	Ailt 1, 2, 3, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16 agus 17 agus an Sceideal
1971, Uimh. 11	An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1971	Ailt 1, 3, 5, 6 agus 7
1976, Uimh. 12	An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1976	An tAcht iomlán
1979, Uimh. 23	An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1979	An tAcht iomlán
1982, Uimh. 9	An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1982	An tAcht iomlán
1986, Uimh. 22	An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1986	An tAcht iomlán
1988, Uimh. 4	An tAcht um Líne B & I, 1988	An tAcht iomlán
1990, Uimh. 4	An tAcht um Líne B & I, 1990	An tAcht iomlán

Sc. [Uimh. 29.] *An tAcht um Líne B & I*, 1991. [1991.]

CUID II

Bliain agus Uimhir	Gearrtheideal	Méid na hAisghairme
1965, Uimh. 5	An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil), 1965	Alt 4
1971, Uimh. 11	An tAcht um an <i>British & Irish Steam Packet Company Limited</i> (Fáil) (Leasú), 1971	Ailt 2 agus 4